Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0211

Struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú)

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Meitheamh 2026 ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú) (COM(2025)0580 – C10-0207/2025 – 2025/0580(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán – athmhúnlú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2025)0580),

– ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0207/2025),

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Teach Teachtaí na hIodáile, faoi chreat Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha theicníocht an athmhúnlaithe maidir le gníomhartha reachtacha[1],

– ag féachaint don litir dar dáta an 11 Nollaig 2025 ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i gcomhréir le Riail 113(3) dá Rialacha Nós Imeachta,

---

1 IO L 77, 28.3.2002, lch. 1.

– ag féachaint do Rialacha 113 agus 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0161/2026),

1. ag diúltú don togra ón gCoimisiún ;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.